# Cearta Leanaí a Fhíorú

Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha maidir le Cearta Leanaí
**do dhaltaí i Rang a Ceathair, a Cúig agus a Sé**

ombudsman do leanaí for children

UNCRC 25
Children Now, Rights Now

Centre for Human Rights and Citizenship Education
DCU Institute of Education

## Clár Ábhar


Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí 2

Conas na hábhair seo a úsáid: Eolas do Mhúinteoirí 3

Gníomhaíocht 1: Cearta Leanaí ar Líne 4

Gníomhaíocht 2: Cé is féidir leo tacú le Cearta Leanaí ar Líne? 7

Gníomhaíocht 3: Gníomh! An teachtaireacht a thuiscint 9

Acmhainn 1: Cártaí um Chearta Leanaí 11

Acmhainn 2: Cearta Leanaí Ar Líne – Cásanna 12

Acmhainn 3: Ar Son na Ceart/ In Aghaidh Ceart 13

Acmhainn 4: Bileog Chliste 14

Acmhainn 5: Rólchartaí 15

Acmhainn 6: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 16

## A Phríomhoide agus a Mhúinteoir,

Mar an Ombudsman do Leanaí, is é ceann de mo chuid ról feasacht maidir le cearta leanaí a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc leanaí agus daoine óga agus lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Is éard is aidhm leis na hábhair Cearta Leanaí a Fhíorú ná chun cabhrú leat cearta leanaí a iniúchadh le do dhaltaí i gcomhthéacs theagasc agus fhoghlaim an churaclaim. Forbraíodh na hábhair ag foireann oideachasóirí ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Fionnuala Waldron, Brian Ruane, an Dr Benjamin Mallon, Rowan Oberman agus an Dr Seline Keating as a gcuid oibre chun na hábhair a cheapadh.

Uaireanta fiafraíonn daoine dúinn cá háit a shainítear cearta leanaí. Is iad an dá phríomhphointe tagartha ná an Bunreacht, an phríomhionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC), sraith de chaighdeáin chearta daonna arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta.

Dhaingnigh Éire an UNCRC i 1992. Trí sin a dhéanamh, rinne Éire gealltanas faoi dhlí idirnáisiúnta cearta na leanaí arna leagan amach sa Choinbhinsiún a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, gan idirdhealú. I 2017 beidh sé 25 bliain ó rinne an Stát an gealltanas tábhachtach seo oibriú i dtreo chearta na leanaí faoin UNCRC a bhaint amach i saol laethúil leanaí agus daoine óga a chónaíonn in Éirinn.

I 2016, thugamar faoi chomhairliúchán ar a dtugtar Tune In, a lorg tuairimí leanaí agus daoine óga ar an gcaoi ar mhaith leo go méadódh an OCO feasacht maidir le cearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga sa todhchaí. Is í an scoil an áit is minice a aithníodh inar mhaith le leanaí agus daoine óga faisnéis a fháil faoi chearta leanaí. Is múinteoirí, mar aon le tuismitheoirí/caomhnóirí na daoine is minice a aithníodh mar na daoine a bhfuil muinín ag leanaí agus daoine óga astu agus a bhfuil siad sásta faisnéis faoi chearta leanaí a fháil uathu.

I bhfianaise na dtorthaí sin agus i gcomhthéacs na comórtha 25 bliain, tá áthas orm gur féidir linn an tsraith ábhar Cearta Leanaí a Fhíorú a chur ar fáil do scoileanna. Tá súil agam go dtacóidh na hábhair le do chuid oibre agus go mbeidh tú féin agus do mhic léinn den tuairim go bhfuil siad oideachasúil agus taitneamhach.

Áirítear sna hábhair fócas tábhachtach maidir le tacú le leanaí agus le daoine óga gníomh a chur i bhfeidhm i ndáil le cearta leanaí (féach Gníomhaíocht 3). Bheimis thar a bheith sásta dá bhféadfá a insint dúinn faoi haon ghníomh a ghlacann tú trí ríomhphost a chur chugainn ag education@oco.ie nó trí teagmháil a dhéanamh linn ar Twitter (@OCO_ireland), Facebook (@OCOIreland) nó Instagram (@ombudsmanforchildren).

Míle buíochas,



**Niall Muldoon**

An tOmbudsman do Leanaí
2017



# Conas na hÁbhair seo a Úsáid: Eolas do Mhúinteoirí

## Réamhrá ar na hábhair seo

Forbraíodh na hábhair seo d'Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun tacú le leanaí i rang a Ceathair, a Cúig agus a Sé (leanaí thart ar 10-12 bliain d'aois) iniúchadh a dhéanamh agus gníomh a ghlacadh i ndáil le cearta leanaí.

## Na Gníomhaíochtaí

Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an achmhainn seo:

- **Gníomhaíocht 1 – Cearta Leanaí Ar Líne**
  Cuireann an ghníomhaíocht seo leanaí ar an eolas faoi chearta leanaí agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh sula dtugtar tacaíocht dóibh cearta leanaí a iniúchadh sa timpeallacht ar líne.
- **Gníomhaíocht 2 – Cé is féidir leo tacú le Cearta Leanaí ar Líne?**
  Tugann an ghníomhaíocht deis do leanaí a mheas cé a bhféadfadh ról a bheith acu i dtaca le cearta leanaí ar líne agus cad iad na róil a bhféadfadh na daoine agus na eagraíochtaí éagsúla a bheith acu maidir leis seo.
- **Gníomhaíocht 3 – Gníomh! An Teachtaireacht a thuiscint**
  Sa ghníomhaíocht seo, oibríonn leanaí le chéile i ngrúpaí beaga chun treoirlínte a fhorbairt a leagann amach a gcuid tuairimí maidir le cad is féidir le grúpaí éagsúla a dhéanamh chun cearta leanaí a urramú agus a chosaint ar líne.

## Acmhainní agus ábhair a ghabhann leis

Is féidir na **hacmhainní** a forbraíodh le linn na ngníomhaíochtaí a fháil ag deireadh an phacáiste seo agus cuirtear uimhreacha orthu chun cabhrú leat iad a aithint. Tá **taispeántas sleamhnán** de shiombailí a dhéanann ionadaíocht ar chearta leanaí faoin UNCRC agus **póstaer** den UNCRC ar fáil ar láithreán gréasáin an OCO chun tacaíocht bhreise a thabhairt do d'obair leis na leanaí. Soláthraíonn láithreán gréasáin an OCO **Comhad Tacaíochta do Mhúinteoirí** freisin, ina bhfuil eolas fhorlíontach, lena n-áirítear roinnt comhad fíricí, gluais téarmaí a bhaineann le cearta leanaí, agus naisc chuig roinnt láithreán gréasáin, a sholáthraíonn eolas bhreise a d'fhéadfadh cur le do chuid oibre d'fhonn cur chuigí seomra ranga agus scoile uile i ndáil le hoideachas cearta leanaí a fhorbairt.

## Prionsabail agus Cur Chuige Oideachasúil

Tá cúig shraith d'ábhair a bhaineann le Cearta Leanaí a Fhíorú, agus tá gach ceann dírithe ar aoisghrúpa áirithe leanaí agus daoine óga. Forbraíodh na hábhair ag baint úsáide as cur chuige bíseach maidir le pleanáil oideachais. Cé go bhforbraíodh na gníomhaíochtaí d'aoisghrúpaí sonracha agus gur féidir iad a úsáid mar ghníomhaíochtaí neamhspleácha nó a rith mar shraith ceachtanna, tá roinnt príomhphrionsabal ann a thacaíonn le gach ceann de na hábhair. Áirítear ar na prionsabail sin an tábhacht a bhaineann le feasacht agus tuiscint leanaí agus daoine óga ar a gcearta a ardú; rud a thugann deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid tuairimí a nochtadh agus páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht; agus a thacaíonn le leanaí agus le daoine óga gníomhú go haoisoiriúnach chun tionchar a imirt agus athrú a chur ar chúrsaí.

## Naisc leis an gCuraclam Bunscoile

Tacóidh na hábhair seo le do chuid oibre roinnt gnéithe den churaclam bunscoile a sheachadadh, lena n-áirítear OSSP, Litearthacht, SESE, Amharcealaíona, Drámaíocht agus Corpoideachas.

## Gníomhaíocht 1: Cearta Leanaí ar Líne

### Cuspóir:

- Tuiscint leanaí ar chearta agus ar chearta leanaí a fhorbairt
- Iniúchadh a dhéanamh ar chearta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le húsáid an idirlín ag leanaí

### Ceisteanna Treoracha:

- Cad iad na cearta atá ag gach leanbh?
- Cén bhaint atá ag cearta leanaí leis an idirlíon?

### Torthaí Foghlama:

Inniu beimid ag foghlaim:

- faoi chearta leanaí agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
- faoi chearta leanaí agus an t-idirlíon

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Físeán an OCO faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (ar fáil ag vimeo.com/203109950)
- Cártaí um Chearta Leanaí (Acmhainn 1) – gearr amach, le deilbhín amháin idir gach cúpla/grúpa beag leanaí
- Cearta Leanaí ar Líne: Cnámha Scéil (Acmhainn 2)

**Moltaí chun an gníomh seo a oiriúnú nó a leathnú:**

- Ar Son Ceart / In Aghaidh Ceart (Acmhainn 3) – ceann amháin idir gach cúpla/grúpa beag leanaí
- Bileog Chliste (Acmhainn 4) - ceann amháin idir gach cúpla/grúpa beag leanaí

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Leanaí a chur ar an eolas maidir le Cearta

1. Leanaí a chur ar an eolas maidir le cearta trí mhíniú dóibh gur chóir go mbeadh cearta ag gach aon duine (m.sh. uisce glan) agus iad a bheith in ann na cearta sin a chur i bhfeidhm (m.sh. a dtuairimí a thabhairt). Cuir na leanaí ar an eolas maidir le cearta trí fhíseán gearr an OCO faoin UNCRC a thaispeáint dóibh (vimeo.com/203109950).
2. Iarr ar na leanaí briseadh suas ina gcúplaí nó ina ngrúpaí beaga. Tabhair cóip de cheann de na Cártaí um Chearta Leanaí do gach cúpla/grúpa beag (Acmhainn 1) agus mínigh dóibh gur ionann gach cárta agus ceart atá ag leanaí faoin UNCRC.
3. Iarr ar na leanaí plé gairid a dhéanamh ar an gcárta atá acu trí na ceisteanna seo

a leanas a mheas agus ansin tabhair deis do gach cúpla/grúpa beag a dtuairimí/ aiseolas a thabhairt:

- Cén chiall/míniú atá leis an gceart dar leat?
- Cén fáth, dar leat, an bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an ceart seo ag leanaí?
- Cé hiad na daoine nó na heagraíochtaí, dar leat, a bhfuil ról acu cabhrú maidir leis an gceart seo a fhíorú i saol na leanaí?

**Nóta do Mhúinteoirí:** D'fhéadfá sampla mar seo a leanas a úsáid chun an próiseas a mhúnlú do na leanaí:

- An ceart ainm a bheith acu.
  - > Cad a chiallaíonn sé sin dar leat? Sílim go gciallaíonn sé go bhfuil an sé de cheart ag leanaí ainm a bheith acu mar aon le taifead oifigiúil ar an ainm sin – mar shampla, ar a dteastas breithe.
  - > Cén fáth an bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an ceart seo ag leanaí? Is cuid den duine é ainm a bheith aige, is cuid de do chéannacht é.
  - > Cé a bhfuil sé mar ról aige/aici a chinntiú go bhfuil an ceart sin ag leanaí ina saol?
    - Tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí, mar is iad a thugann ainm dá leanaí
    - An tOireachtas agus an Rialtas, toisc gur féidir leo dlíthe a dhéanamh le rá go gcaithfidh gach duine taifead a bheith acu ar a gcéannacht, lena n-áirítear a n-ainm
    - Na daoine a dhéanann agus a chumhdaíonn taifid oifigiúla a bhaineann le daoine agus cé iad féin (áirítear i gcás na hÉireann an Phríomh-Oifig Chlárúcháin agus Oifig na bPasanna)
    - Gach duine a bhfuil aithne acu ar leanbh áirithe, mar is féidir leo a chinntiú go dtugann siad ainm an linbh sin ar an leanbh.

### Forbair mar seo: Iniúchadh ar an gcaoi a bhaineann cearta leanaí leis an idirlíon

4. Mínigh do na leanaí go mbeidh siad ag smaoineamh ar an gcaoi go mbíonn tionchar ar a gcuid cearta, go dearfach agus go diúltach araon, nuair a bhíonn siad ar líne.
5. Iarr ar leanbh amháin ó gach cúpla/ grúpa beag roimhe sin líne a dhéanamh agus an cárta um chearta leanaí ar phléigh siad ina gcúplaí/ina ngrúpaí beaga a chrochadh in airde. Déan cinnte go bhfuil spás ag na leanaí sa líne ionas gur féidir leo céim ar aghaidh agus ar chúl a thógáil. Léigh amach roinnt, nó gach ceann, de na cnámha scéil a bhaineann le 'Cearta Leanaí ar Líne' (Acmhainn 2) ceann i ndiaidh ceann, ag tabhairt soiléiriú de réir mar is gá. Le gach cnámh scéil, iarr ar an gcuid eile den rang a chur in iúl cibé an gceapann siad go bhfuil an cnámh scéil ag feidhmiú ar son (urramaíonn sé, cosnaíonn sé agus comhlíonann sé) nó in aghaidh (sáraíonn sé) gach cirt nó nach ndéanann sé aon difear dó, agus cúiseanna na dtuairimí sin a thabhairt:

- Má cheapann an leanbh go bhfuil an cnámh scéil ar son ceart áirithe, glacann an leanbh a bhfuil an ceart sin in airde aige/aici céim ar aghaidh.
- Má cheapann an leanbh go bhfuil an cnámh scéil in aghaidh ceart, glacann an leanbh a bhfuil an ceart sin in airde aige/aici céim ar chúl.
- Má cheapann na leanaí nach ndéanann an cnámh scéil aon difear do cheart áirithe, fanann an leanbh a bhfuil an ceart sin in airde aige/aici socair.

## Críochnaigh mar seo: Cearta leanaí ar líne a phlé

6. Tabhair an rang ar ais le chéile chun plé a dhéanamh ar an mbaint atá ag a gcuid cearta leis an idirlíon. Mura bhfuil na cnámha scéil go léir pléite agat leis na leanaí, b'fhéidir gur mhaith leat na cnámha scéil atá fágtha a chur i láthair chun tacú lena bplé faoi gcaoi a mbíonn tionchar dearfach agus diúltach ag an idirlíon agus ar iompar daoine ar líne ar chearta éagsúla leanaí.
7. Tacaigh leis na leanaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna 'Cad a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Cad ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moltaí chun an ghníomhaíocht seo a oiriúnú nó a leathnú:

In áit Céim 5:

- Tabhair bileog cinnteoireachta 'Ar Son Ceart/In Aghaidh Ceart' do gach cúpla/grúpa beag leanaí (Acmhainn 3) le comhlánú, ag míniú na ráitis éagsúla dóibh más gá. Ina dhiaidh sin, plé gach rud leis an rang ar fad

  nó

- Tabhair cóip den 'Bhileog Chliste' do gach cúpla/grúpa beag leanaí (Acmhainn 4). Iarr ar na leanaí oibriú le chéile ina gcúplaí/ina ngrúpaí beaga plé a dhéanamh ar na bealaí a bhfuil an t-idirlíon agus an tslí a mbaineann daoine úsáid as ar son (urramaíonn sé, cosnaíonn sé agus comhlíonann sé) nó in aghaidh (sáraíonn sé) chearta na leanaí atá liostaithe ar an 'mBileog Chliste'. Iarr ar gach cúpla/grúpa beag ceann dá gcuid príomhthuairimí a scríobh mar theachtaireacht téacs ar an 'mBileog Chliste. Iarr aiseolas ó gach cúpla/grúpa beag agus úsáid an t-aiseolas sin mar bhonn chun plé a dhéanamh amach anseo leis an rang ar fad.

## Gníomhaíocht 2: Cé is féidir leo tacú le Cearta Leanaí ar Líne?

### Cuspóir:

- A chur in iúl do na leanaí go bhfuil ról ag daoine agus eagraíochtaí éagsúla agus ag an Stát maidir le cearta leanaí ar líne a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh,
- Iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir le leanaí cur le cultúr ar líne a thugann urraim do chearta

### Ceisteanna Treoracha:

- Cé aige a bhfuil ról maidir le cearta leanaí ar líne?
- Conas is féidir le daoine aonair agus eagraíochtaí éagsúla agus leis an Stát cearta leanaí ar líne a láidriú?

### Torthaí Foghlama:

**Inniu beimid ag foghlaim:**

- Conas is féidir le daoine agus eagraíochtaí éagsúla agus leis an Stát cabhrú le cearta leanaí ar líne a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh
- Conas is féidir linn cabhrú maidir le cearta daoine eile a urramú

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Cearta Leanaí ar Líne: Cnámha Scéil (Acmhainn 2) - cnámh scéil amháin ag gach cúpla leanaí
- Rólchártaí (Acmhainn 5) - rólchárta amháin in aghaidh an linbh

**Chun an ghníomhaíocht a leathnú:**

- Póstaer den UNCRC (Acmhainn 6) – cóip amháin do gach grúpa leanaí

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Na daoine agus eagraíochtaí atá rannpháirteach i gcearta leanaí ar líne a aithint

1. Eagraigh na leanaí ina gcúplaí agus tabhair cnámh scéil ó Acmhainn 2 do gach cúpla. Iarr ar na leanaí na cnámha scéil a léamh agus a phlé:

- Cé atá rannpháirteach sa chnámh scéil seo?
- An bhfuil daoine nó eagraíochtaí eile nach bhfuil bainteach go díreach leis?

De réir mar is gá, soiléirigh aon fhocal sna cnámha scéil nó mínigh iad.

2. Iarr ar na leanaí a smaointe a roinnt agus déan plé gairid le gach duine sa rang dírithe ar cé iad na gníomhaithe dar leis na leanaí.

## Forbair mar seo: Iniúchadh ar conas is féidir le daoine aonair agus eagraíochtaí éagsúla tacú le cearta leanaí ar líne

3. Tabhair Rólchárta do gach leanbh (Acmhainn 5) agus tabhair cuireadh dóibh suí i gciorcal. Iarr ar gach leanbh, duine i ndiaidh duine, an méid atá scríofa ar a Rólchárta a léamh agus cinntigh go dtuigeann na leanaí gach ról, ag soiléiriú más gá.

   **Nóta do Mhúinteoirí:** Beidh ort roinnt de na róil ar na rólchártaí a tugadh do na leanaí a mhíniú. Cabhróidh an Comhad Tacaíochta do Mhúinteoirí leat le roinnt den eolas sin. Ina theannta, seans go mbeidh fonn ort cuairt a thabhairt ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas chun eolas cúlra a fháil:

   - An Coimisinéir Cosanta Sonraí: www.dataprotection.ie/docs/Home/4.htm
   - An Oifig um Shábháilteacht Idirlín: www.internetsafety.ie/website/ois/oisweb.nsf/page/index-en
   - Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh: www.ohchr.org/EN/HRBodies/CRC/Pages/CRCIndex.aspx

4. Léigh gach cnámh scéal um Chearta Leanaí Ar Líne ceann ar cheann agus iarr ar na leanaí machnamh a dhéanamh ar cibé an bhféadfadh a ról féin baint dhíreach nó indíreach a bheith acu sa chnámh scéil. Má cheapann siad go mbaineann a ról leis an gcnámh scéil, seasann siad suas agus míníonn siad conas a cheapann siad a mbaineann a ról féin leis.

5. I ngach cás, iarr ar na leanaí atá fós ina suí smaoinigh an mbeadh a ról in ann cabhrú le feabhas a chur ar cearta leanaí sa cnámh scéil. Más amhlaidh, tagann na leanaí sin agus na leanaí atá ina seasamh le chéile agus pléann siad conas a d'fhéadfadh a ról an cás a fheabhsú agus cearta leanaí a láidriú dá dtarlódh a leithéid de chnámh scéil.

## Críochnaigh mar seo: Ciorcal na ról a chomhlánú

6. Má tá aon leanbh/leanaí fós ina s(h)uí, déan plé ar cibé an bhfuil aon bhealach ann ina bhféadfadh ról an linbh/na leanaí sin tacú le cearta leanaí ar líne.

7. Tacaigh leis na leanaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna 'Cad a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Cad ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a oiriúnú:

Is féidir an ghníomhaíocht a oiriúnú do ghrúpaí, trína ndéantar ról a thabhairt do gach grúpa agus tugtar am dóibh plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil a ról ábhartha maidir le gach cnámh scéal sula roinneann siad a gcuid tuairimí leis an rang. B'fhéidir gur mhaith leat na cnámha scéil a fhorbairt tuilleadh mar ról-imirt.

## Moladh chun an ghníomhaíocht seo a leathnú:

Tabhair cuireadh do na leanaí ról mar dhearthóir gréasáin a ghlacadh agus iarr orthu oibriú le chéile i ngrúpaí chun láithreán gréasáin a dhearadh do leanaí. Maidir leis seo, d'fhéadfá a iarraidh ar gach grúpa leathanach baile a dhearadh dá láithreán gréasáin, lena n-áirítear ainm, lógó, eolas a cheapann siad gur chóir a bheith ag leanaí maidir leis an láithreán, ráiteas ar an méid a thairgeann an láithreán, agus liosta gníomhaíochtaí is féidir le leanaí a dhéanamh ar an láithreán (m.sh. ag comhrá le leanaí eile, ag cruthú pictiúr, ag imirt cluichí, ag déanamh tráth na gceist, etc.). Ansin iarr ar gach grúpa smaoineamh ar conas a urramaíonn agus a chosnaíonn a láithreán gréasáin cearta linbh amháin nó níos mó leanaí. Is féidir leat tacú leis na leanaí trí chóip de phóstaer UNCRC (Acmhainn 6) a thabhairt do gach grúpa le húsáid mar seicliosta. Ar deireadh, iarr ar gach grúpa a láithreán gréasáin a chur i láthair agus ansin taispeántas a chruthú.

## Gníomhaíocht 3: Gníomh! An teachtaireacht a thuiscint

### Cuspóir:

- Cur ar chumas leanaí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar a gcearta a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh i dtimpeallacht ar líne
- Tacú le leanaí cearta leanaí a chur chun cinn ar líne

### Ceisteanna Treoracha:

- Conas is fearr is féidir cearta na bpáistí ar líne a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh?
- Conas is féidir le leanaí gníomhú chun cearta leanaí a chur chun cinn ar líne?

### Torthaí Foghlama:

Inniu beimid ag foghlaim:

- machnamh ar conas ar mhaith linn go dtabharfadh daoine eile tacaíocht do chearta leanaí ar líne
- treoirlínte a chruthú maidir le urraim do chearta leanaí ar líne a chur chun cinn

### Na Rudaí a Bheidh ag Teastáil Uait:

- Póstaer den UNCRC (Acmhainn 6) – cóip amháin do gach grúpa leanaí
- Ábhair ealaíne nó ábhair eile atá ar fáil chun tacú leis na leanaí a dtreoirlínte a chur i láthair

## Céimeanna

### Tosaigh mar seo: Machnamh a dhéanamh ar na grúpaí éagsúla a bhfuil baint acu le cearta leanaí ar líne

1. Eagraigh na leanaí i sé phainéal comhairleach agus mínigh gurb é an ról atá acu ná comhairle a chur ar ghrúpaí éagsúla faoi conas is féidir leo cabhrú le cearta leanaí ar líne a urramú agus a chosaint.
2. Tabhair spriocghrúpa difriúil do gach grúpa comhairleach ón liosta seo a leanas:
    - leanaí agus daoine óga
    - daoine fásta i do theaghlach
    - daoine fásta i do phobal
    - daoine fásta i do scoil
    - gnólachtaí a bhfuil baint acu leis an idirlíon
    - polaiteoirí

3. Tabhair tacaíocht do gach painéal comhairleach chun na daoine / eagraíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ina spriocghrúpa a phlé - mar shampla, d'fhéadfadh 'polaiteoirí' comhairleoirí áitiúla, TDanna, Seanadóirí agus Airí Rialtais a chuimsiú, nó d'fhéadfadh 'gnólachtaí a bhfuil baint acu leis an idirlíon' cuideachtaí a dhéanann ríomhairí agus feistí eile, siopaí a dhíolann feistí den sórt sin, cuideachtaí a dhearann cineálacha éagsúla bogearraí, cuideachtaí meáin shóisialta, agus cuideachtaí margaíochta a bhfuil baint acu le fógraíocht ar líne a chuimsiú.

### Forbair mar seo: Treoirlínte a chruthú do chearta leanaí ar líne

4. Ina ról mar ghrúpaí comhairleacha, iarr ar gach grúpa leanaí plé a dhéanamh agus comhaontú ar an gcomhairle a dtabharfadh siad dá spriocghrúpa maidir le:
   - cad iad na cearta leanaí nach mór dá spriocghrúpa díriú orthu
   - cad iad na gníomhartha a bhféadfadh a spriocghrúpa tabhairt fúthu chun cearta leanaí ar líne a urramú agus a chosaint.

   Chun tacú leis na páistí, b'fhéidir gur mhaith leat cóip den bhileog Cártaí um Chearta Leanaí (Acmhainn 1) a thabhairt do gach grúpa le húsáid mar uirlis thagartha.

5. Iarr ar gach grúpa comhairleach a gcuid comhairle a scríobh mar threoirlínte gearra dá spriocghrúpa. Ba chóir do threoirlínte gach grúpa:

   **a)** liosta a dhéanamh de na cearta éagsúla do leanaí ar líne ar féidir lena spriocghrúpa a urramú agus a chosaint

   **b)** gníomh amháin a ainmniú in aice le gach ceart atá liostaithe, a cheapann siad a mbeadh a spriocghrúpa in ann a thógáil chun cabhrú le cearta leanaí a urramú agus a chosaint ar líne.

6. Tacaigh le gach grúpa a dtreoirlínte a chur i láthair ar bhealach a cheapann siad a mheallfadh a spriocghrúpa (m.sh. póstaer, físeán gearr nó cur i láthair Powerpoint/ Prezi).

### Críochnaigh mar seo: Béim a leagan ar dhearcaí agus smaointe leanaí

7. Tacaigh leis na leanaí a dtreoirlínte a roinnt le baill ón líon spriocghrúpaí is mó is féidir. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh mar imeacht ranga nó scoile a thugann deis do leanaí agus do bhaill na spriocghrúpaí cearta na leanaí ar líne a phlé le chéile. Nuair nach féidir le ball de spriocghrúpa ar leith páirt a ghlacadh in imeacht den chineál sin, d'fhéadfá tacú leis na leanaí a gcuid treoirlínte a sheoladh chuig duine nó níos mó den spriocghrúpa. De rogha ar sin, más féidir agus de réir mar is cuí, d'fhéadfá treoirlínte na leanaí a phostáil ar láithreán gréasáin na scoile agus nasc a sheoladh ar ríomhphoist chuig ceann amháin nó níos mó de na spriocghrúpa agus cuireadh a thabhairt dó freagra a thabhairt.
8. Tacaigh leis na leanaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna 'Cad a d'fhoghlaimíomar?' agus 'Cad ba mhaith linn níos mó a fhoghlaim faoi?'

### Moladh chun an ghníomhaíocht a oiriúnú:

Tacaigh leis na leanaí liosta gníomhartha a chruthú chun cearta leanaí a neartú ar líne agus postáil iad sin ar láithreán na scoile, cuir faoi bhráid Bhord Bainistíochta na scoile agus / nó Comhairle Daltaí na scoile iad.


### Moladh chun an ghníomhaíocht a leathnú:

Cabhraigh leis na leanaí a gcuid treoirlínte a chur i láthair trí mheáin dhifriúla - mar shampla, mar alt nuachtáin, mír nuachta teilifíse, dán acrastach faoi chearta leanaí ar líne nó mar Aibítir Gníomhartha le gníomh amháin ag tosú le A, gníomh 2 le B, gníomh 3 le C etc.

## Acmhainn 1: Cártaí um Chearta Leanaí



a bheith caite le go cóir agus go cothrom



príobháideacht



súgradh agus scíth



cead cainte a bheith agat nuair a bhíonn daoine ag déanamh cinnidh fút



oideachas



eolas a fháil agus a roinnt



a bheith sábháilte ó dhíobháil



tú féin a chur in iúl mar is mian leat



sult a bhaint as na healaíona agus gníomhaíochtaí cultúrtha



do chearta a bheith ar eolas agat



cúram sláinte



daoine ag déanamh cinnidh fút ar mhaithe le do leas féin

## Acmhainn 2: Cearta Leanaí ar Líne: Cnámha Scéil

Dá dtarlódh na cásanna seo, an mbeadh siad ar son do chearta, in aghaidh do chearta, nó an ndéanfadh siad aon difear de do chearta mar leanbh?

1. Tógann do chara grianghraf díot agus ceapann tú go mbreathnaíonn tú amaideach ann. Postálann sé/sí an grianghraf ar líne ionas gur féidir le daoine eile féachaint air gan cead uaitse.
2. Tá cead agat an t-idirlíon a úsáid ar scoil le fáil amach cad is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú leat a bheith sláintiúil.
3. Socraíonn eagraíocht suas láithreán gréasáin chun eolas agus tacaíocht a thabhairt do leanaí nuair a airíonn siad míshásta, nuair a bhíonn imní orthu nó nuair a bhíonn siad trína chéile.
4. Tugann do cholceathrar, atá níos sine ná tú, cead duit a tháibléad a úsáid le haghaidh aon rud is mian leat a dhéanamh ar líne.
5. Tá fóin chliste ag roinnt de do chairde, ach measann tú féin nach bhfuil ceann ag teastáil uait.
6. Bhí tú i dtrioblóid faoi rud éigin agus níl cead agat aon am scáileáin a bheith agat ar feadh seachtaine.
7. Feabhsaíonn cuideachtaí a rialaithe chun cosc a chur ar leanaí a bheith ag dul isteach ar láithreáin ghréasáin a d'fhéadfadh a bheith contúirteach dóibh nó a ghoilleadh orthu.
8. Tosaíonn duine de do chairde blag faoi cheol. Is féidir leatsa a bheith i do bhall agus do thuairimí a chur leis.
9. Ritheann an tOireachtas dlí a deir nach féidir le seirbhísí ar líne leanaí faoi 13 bliain d'aois clárú le haghaidh a gcuid seirbhísí gan cead óna dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí.
10. Tosaíonn eagraíocht do leanaí láithreán gréasáin a thugann eolas do leanaí maidir lena gcearta.
11. Tugann do scoil grúpa leanaí, tuismitheoirí agus múinteoirí le chéile chun polasaí na scoile i leith úsáid an idirlín sa scoil a scríobh.
12. Ní aontaíonn duine de do chairde le rud éigin a dúirt tú. Postálann an cara sin an méid a dúirt tú agus an chaoi a n-airíonn sé/sí faoi i gcomhrá grúpa. Goilleann sé seo ort.

## Acmhainn 3: Ar Son Ceart / In Aghaidh Ceart


Léigh do Chárta um Chearta agus scríobh síos an méid atá ráite ann sa spás. Cuir 'X' i gceann de na boscaí in aice le gach cás le cur in iúl cibé an gceapann tú go bhfuil an cás ar son do chearta nó in aghaidh do chearta ar do chárta, nó nach bhfuil aon bhaint aige leis an méid atá scríofa ar do chárta.

An ceart ____________________

| **Cásanna** | **Ar Son** | **In Aghaidh** | **Ceachtar acu** |
|---|---|---|---|
| Tógann do chara grianghraf díot agus ceapann tú go mbreathnaíonn tú amaideach ann. Postálann sé/sí an grianghraf ar líne ionas gur féidir le daoine eile féachaint air gan cead uaitse. | | | |
| Tá cead agat an t-idirlíon a úsáid ar scoil le fáil amach cad is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú leat a bheith sláintiúil. | | | |
| Socraíonn eagraíocht suas láithreán gréasáin chun eolas agus tacaíocht a thabhairt do leanaí nuair a airíonn siad míshásta, nuair a bhíonn imní orthu nó nuair a bhíonn siad trína chéile. | | | |
| Tugann do cholceathrar, atá níos sine ná tú, cead duit a tháibléad a úsáid le haghaidh aon rud is mian leat a dhéanamh ar líne. | | | |
| Tá fóin chliste ag roinnt de do chairde, ach measann tú féin nach bhfuil ceann ag teastáil uait. | | | |
| Bhí tú i dtrioblóid faoi rud éigin agus níl cead agar aon am scáileáin a bheith agat ar feadh seachtaine. | | | |
| Tosaíonn duine de do chairde blag faoi cheol. Is féidir leatsa a bheith i do bhall agus do thuairimí a chur leis. | | | |
| Ritheann an tOireachtas dlí a deir nach féidir le seirbhísí ar líne leanaí faoi 13 bliain d'aois clárú le haghaidh a gcuid seirbhísí gan cead óna dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí. | | | |
| Tosaíonn eagraíocht do leanaí láithreán gréasáin a thugann eolas do leanaí maidir lena gcearta. | | | |
| Tugann do scoil grúpa leanaí, tuismitheoirí agus múinteoirí le chéile chun polasaí na scoile i leith úsáid an idirlín sa scoil a scríobh. | | | |
| Ní aontaíonn duine de do chairde le rud éigin a dúirt tú. Postálann an cara sin an méid a dúirt tú agus an chaoi a n-airíonn sé/sí faoi i gcomhrá grúpa. | | | |

## Acmhainn 4: Bileog Chliste




























## Acmhainn 5: Rólchartaí

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| leanbh 12 bliain d'aois | cara an linbh | deirfiúr nó deartháir níos sine an linbh | col ceathrar an linbh atá 16 bliain d'aois | tuismitheoir/ caomhnóir |
| seantuismitheoir | aintín nó uncail | múinteoir | cúntóir riachtanas speisialta | príomhoide scoile |
| ball de Bhord Bainistíochta na scoile | ceannaire club óige | na gardaí | breitheamh cúirte | eagraíocht a thugann tacaíocht agus comhairle ar líne do leanaí |
| Eagraíocht a thugann eolas maidir le sábháilteacht idirlín do leanaí ar fáil do thuismitheoirí / chaomhnóirí | an tOmbudsman do Leanaí | an Oifig um Shábháilteacht Idirlín | an Coimisinéir Cosanta Sonraí | an Rialtas |
| an tOireachtas | coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh | cuideachta a dhéanann fógraí ar líne | siopa a dhíolann fóin phóca, táibléid agus ríomhairí | cuideachta meáin shóisialta |

# Acmhainn 6: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Is comhaontas idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a liostaíonn na cearta atá ag gach leanbh agus duine óg suas go 18 mbliana d'aois. Ba chóir go mbeadh taithí ag gach leanbh agus duine óg ar na cearta seo agus iad ag fás anuas. Airítear na cearta seo:



ombudsman
do leanaí
for children

UNCRC 25
Children Now, Rights Now

Centre for
Human Rights
and
Citizenship
Education
DCU Institute of Education